
Tá sé de chúram ar chách sábháilteacht agus sláinte a chinntiú ag an obair. Is chun do leasa é. Is chun leas an ghnó é.

## Feachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla 2026-2028

### TREOIR FEACHTAIS

# LE CHÉILE AR SON NA MEABHAIRSHLÁINTE SAN IONAD OIBRE



*Rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a chosc*

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Ionaid Oibre Shláintiúla

Níl an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann na gníomhaireachta freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, 2026
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha.

Print ISBN 978-92-9402-428-2 doi:10.2802/6911680 TE-01-25-009-GA-C
PDF ISBN 978-92-9402-427-5 doi:10.2802/9359198 TE-01-25-009-GA-N

Léiríonn na grianghraif a úsáidtear san fhoilseachán seo raon gníomhaíochtaí oibre. Ní gá go léiríonn siad dea-chleachtais ná comhlíonadh na gceanglas reachtach.

# Clár

**Maidir leis an treoir** ... 4

**1. Réamhrá** ... 6

**2. Meabhairshláinte ag an obair** ... 9

**3. Réimsí tosaíochta** ... 14

3.1. Measúnú agus bainistiú riosca síceasóisialta ... 14
3.2. Ciapadh, gnéaschiapadh, agus foréigean ... 18
3.3. Rioscaí fisiceacha agus meabhairshláinte ... 21
3.4. Rioscaí síceasóisialta in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta ... 23
3.5. Tacú le meabhairshláinte san ionad oibre ... 26

**4. Conas páirt a ghlacadh san fheachtas** ... 29

4.1. Cé ba cheart a bheith páirteach? ... 31
4.2. An feachtas a chumhachtú: ár líonra comhpháirtithe ... 32
4.3. Ábhair feachtais: do shraith uirlisí feachtas feasachta ... 33
4.4. Príomhdhátaí: amlíne an fheachtais ar an toirt ... 34
4.5. Seachtain Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair ... 35
4.6. Gradaim Dhea-Chleachtais d'Ionaid Oibre Shláintiúla ... 36
4.7. Bí i do Chomhpháirtí Feachtais Oifigiúil: dea-shampla a thabhairt ... 36
4.8. Comhpháirtíocht meán ... 37
4.9. Pacáiste le haghaidh na meán sóisialta: déan do líonra a chumhachtú ... 38



© nenetus - stock.adobe.com




## Cuir aithne ar shonóga ár bhFeachtais ár bhFeachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla!

Cuir aithne ar na ceithre aghaidh dár bhFeachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla — tá ár sonóga anseo chun cabhrú le feasacht a mhúscailt maidir le rioscaí meabhairshláinte agus síceasóisialta ag an obair trína luachanna agus a aidhmeanna a léiriú.




### Cur chun cinn:

gach duine a spreagadh chun labhairt faoi mheabhairshláinte agus faoi rioscaí síceasóisialta san ionad oibre.



### Muintearas agus cuimsiú:

béim a leagan ar aidhm an Fheachtais d'Ionaid Oibre Shláintiúla cuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre agus rioscaí síceasóisialta á measúnú agus á mbainistiú.



### Cosc:

béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le rioscaí meabhairshláinte agus rioscaí síceasóisialta.



### Cosaint:

cuidiú le tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte san ionad oibre do chách, go háirithe le haghaidh na daoine is leochailí.

# Maidir leis an treoir

## Cén dream ar a bhfuil an treoir seo dírithe?

Gan beann ar cibé acu is fostóir, oibrí, ionadaí sláinte agus sábháilteachta, gairmí acmhainní daonna nó duine den lucht ceaptha beartas thú, gheobhaidh tú bealaí praiticiúla chun páirt a ghlacadh san fheachtas 'Le chéile ar son na meabhairshláinte san ionad oibre'. Oibrímis le chéile le cosc rioscaí síceasóisialta agus dea-mheabhairshláinte san ionad oibre a chur chun tosaigh.

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach?

Baineann tairbhí sláinte follasach le bheith i mbun oibre. Mar sin féin, tá imní ag dul i méid faoi thionchar rioscaí síceasóisialta san ionad oibre ar mheabhairshláinte na n-oibrithe. Tuairiscíonn duine as gach triúr oibrithe de chuid an Aontais go bhfuil strus, imní agus dúlagar orthu mar thoradh ar an obair nó níos measa dá deasca (OSH Pulse 2025). Is é an scéal dearfach atá ann: is féidir le gníomhartha beaga difríocht mhór a dhéanamh.

## Maidir leis an bhfeachtas

Tá an feachtas bunaithe ar fhianaise go mbíonn tionchar suntasach ag poist ar an meabhairshláinte, tionchar dearfach agus tionchar diúltach san áireamh. Sainaithníodh sa taighde tosca is féidir a bhainistiú chun timpeallacht oibre shláintiúil a chruthú. Cuireann an feachtas réitigh chun cinn chun cosc a chur ar dhíobháil agus chun tionchar dearfach a fhorbairt.

Is iomaí tosca stíle maireachtála a imríonn tionchar ar an meabhairshláinte. Is faoi ghairmithe leighis atá sé riochtaí sonracha a dhiagnóisiú agus a chóireáil. Níltear ag súil go nglacfaidh fostóirí agus seirbhísí sábháilteachta agus sláinte ceirde (OSH) an ról sin orthu féin, ach tá freagracht orthu rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a chosc agus is féidir leo tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine a ghabhann riochtaí meabhairshláinte iad.

## Feabhas a chur ar an meabhairshláinte san ionad oibre: na cúig réimse tosaíochta den fheachtas

1. Measúnú agus bainistiú riosca shíceasóisialta.
2. Ciapadh, gnéaschiapadh agus foréigean.
3. Rioscaí fisiceacha agus meabhairshláinte.
4. Rioscaí síceasóisialta in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta.
5. Tacaíocht a thabhairt don mheabhairshláinte san ionad oibre.

## Cén fáth ar cheart duit páirt a ghlacadh?

Ní hamháin gurb é an rud ceart é sláinte na n-oibrithe a chosaint, idir shláinte fhisiciúil agus sláinte mheabhrach — is ciallmhar an gnás é freisin. Nuair a thugtar aird chuí ar rioscaí síceasóisialta agus ar na hiarmhairtí a bhíonn acu ar an tsláinte, ní hamháin go mbaineann daoine tairbhe as, ach gnólachtaí agus an tsochaí ina hiomláine freisin. Is é an toradh a bhíonn ar ghníomhaíocht a dhéanamh ná go mbíonn sláinte agus folláine níos fearr ann agus, ag an am céanna, cuirtear borradh faoin táirgiúlacht, gearrtar an ráta láimhdeachais foirne agus laghdaítear neamhláithreacht.

## Bí páirteach!

Caith súil ar an treoir feachtais seo agus ar ár suíomh gréasáin le haghaidh ábhar saor in aisce i mbreis agus 20 teanga — agus glac páirt i bhforbairt ionad oibre níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla do chách!

Tá sé ríthábhachtach rioscaí síceasóisialta a chosc ar bhealach iomlánaíoch agus cuimsitheach chun meabhairshláinte oibrithe a chothú agus a fheabhsú.



# 1. Réamhrá

## Tá tábhacht leis an dea-mheabhairshláinte ag an obair

Ní hamháin go dtéann ionaid oibre shlaintiúla chun socair d'oibrithe agus do ghnólachtaí ach do chustaiméirí agus don tsochaí trí chéile. Tá dea-thimpeallacht oibre shíceasóisialta riachtanach d'fholláine fhoriomlán na n-oibrithe. Is iomaí buntáiste a bhaineann le post a bheith agat — go háirithe i suíomh dea-eagraithe. Bíonn oibrithe níos rannpháirtí agus níos táirgiúla nuair a bhfuil meabhairshláinte mhaith agus sláinte fhisiciúil mhaith acu.

Eascraíonn rioscaí síceasóisialta as droch-dhearadh, droch-eagrú agus droch-bhainistiú oibre, agus as droch-chomhthéacs sóisialta oibre, mar shampla easpa tacaíocht ó chomhghleacaithe agus ó mhaoirseoirí agus an timpeallacht oibre ghinearálta. Agus digitiúcháin méadaithe ag an obair, tá méadú tagtha ar rioscaí síceasóisialta agus ar an bhfreagracht agus ar an ngá lena gcosc.

Is samplaí coiteanna de rioscaí a ndéanann difear don oibrí iad; ualaí oibre iomarcacha, éilimh a thagann salach ar a chéile, róil dhoiléire agus easpa rannpháirtíocht i gcinntí. D'fhéadfadh raon torthaí diúltacha — torthaí síceolaíocha, fisiciúla agus sóisialta a eascairt as na rioscaí sin.

## An méid a léiríonn na huimhreacha dúinn

- Léiríodh i suirbhé OSH Pulse 2025 ábhar imní soiléir. Deir go leor oibrithe go mbíonn tionchar diúltach ag a bpoist ar a sláinte:
  - Bíonn tuirse fhoriomlán ar 37 % de na hoibrithe;
  - Bíonn strus, dúlagar nó imní ar 29 % díobh.
- De réir Shuirbhé Eorpach ar Fhiontair ar Rioscaí Nua agus ar Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn (ESENER) 2024, is iad seo a leanas na rioscaí síceasóisialta is coitianta i gcuideachtaí:
  - déileáil le custaiméirí, othair, daltaí deacra (56 %);
  - brú ama (43 %);
  - droch-chumarsáid nó droch-chomhoibriú laistigh den eagraíocht (19 %).

## An taobh dlíthiúil agus praiticiúil a thuiscint

- Is oibleagáid dhlíthiúil ar fhostóirí é oibrithe a chosaint ar aon riosca a d'fhéadfadh a sábháilteacht agus a sláinte a chur i mbaol. Áirítear leis sin rioscaí síceasóisialta.
- Cé go bhféadfadh sé a bheith mar dhúshlán déileáil le roinnt saincheisteanna amhail ciapadh, d'fhéadfaí gnéithe eile a chur i bhfeidhm le bearta réasúnta simplí amhail am oibre solúbtha.
- Tá bacainní fós ann:
  - bíonn deacracht ag go leor fiontar déileáil le rioscaí síceasóisialta;
  - is minic a thuairiscíonn fiontair go bhfuil drogall orthu labhairt go hoscailte faoin tsaincheist;
  - níl an saineolas ná na hacmhainní ag roinnt fiontar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

## An méid atá beartaithe a dhéanamh leis an bhfeachtas

Dírítear ar chúig phríomhréimse tosaíochta san Fheachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla 2026-2028. Tá sé d'aidhm dó feasacht a mhúscailt faoin tionchar dearfach a bhíonn ag dea-thimpeallacht oibre ar mheabhairshláinte agus ar fholláine.

I measc na n-aidhmeanna sonracha tá:

- cosc rioscaí síceasóisialta a chur chun cinn trí mheasúnú agus bhainistiú riosca cuí;
- aghaidh a thabhairt ar gach earnáil, agus béim á leagan ar na hearnálacha sin a bhfuil rioscaí síceasóisialta iontu go forleathan agus ar na hearnálacha sin nach mbeadh rioscaí síceasóisialta chomh soiléir céanna iontu;
- comhar a spreagadh i measc fostóirí, bainisteoirí, maoirseoirí, oibrithe agus a n-ionadaithe;
- comhpháirtithe líonra a thabhairt le chéile chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le rioscaí síceasóisialta a chosc;
- cur chuige cuimsitheach a chothú ina gcuirtear na naisc idir rioscaí fisiciúla agus síceasóisialta agus sláinte na n-oibrithe san áireamh;
- béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht, dea-chumarsáid agus eagrú oibre, timpeallacht shóisialta fhabhrach chun timpeallacht oibre shláintiúil a chruthú.

## Glacadh le héagsúlacht agus cuimsiú

D'fhéadfadh rioscaí níos mó a bheith roimh roinnt oibrithe — amhail imircigh, mná agus baill den phobal LADTIA+, mar aon le hoibrithe atá ag dul in aois, oibrithe óga agus oibrithe faoi mhíchumas, gan ach beagán a ainmniú — san ionad oibre, lena n-áirítear ciapadh agus foréigean.

Dá bhrí sin, déanfaidh an feachtas an méid seo a leanas:

- aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht ag gach céim;
- rioscaí do ghrúpaí sonracha a thabhairt chun suntais;
- cineálacha cur chuige coisctheacha saincheaptha a chur chun cinn chun iad a chosaint.

## Conas a luíonn an feachtas le beartas an Aontais

Tá an feachtas seo mar chuid de thiomantas níos leithne an Aontais chun cultúr láidir coiscthe a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar an meabhairshláinte san ionad oibre. Tá sé ailínithe go dlúth le príomhthionscnaimh bheartais, lena n-áirítear:

- creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021–2027;
- cur chuige cuimsitheach an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an meabhairshláinte, ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a chosc agus ina n-aithnítear freisin Feachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla mar thionscnamh suaitheanta; agus
- i dTreochlár an Choimisiúin Eorpaigh do phoist dea-cháilíochta, tagraítear do Fheachtas d'Ionaid Oibre Shláintiúla 2026-2028 mar cheann de na huirlisí chun poist chothroma, shábháilte agus chomhionanna a chur chun cinn.



# 2. Meabhairshláinte ag an obair

## An tionchar déach a bhíonn ag an obair ar an meabhairshláinte

Is féidir leis an obair tionchar dearfach a imirt ar an meabhairshláinte trí chuspóir, struchtúr agus idirghníomhaíocht shóisialta a chur ar fáil. Mar sin féin, níl sé sin fíor ach amháin nuair a bhíonn an obair deartha go maith, agus nuair a bhíonn an timpeallacht oibre tacúil. D'fhéadfadh a mhalairt d'éifeacht a bheith ag drochdhálaí oibre — amhail cumarsáid neamhéifeachtach, droch-chothromaíocht oibre is saoil agus ciapadh. Tugtar rioscaí síceasóisialta orthu sin agus d'fhéadfadh strus, traochadh agus saincheisteanna sláinte eile a bheith mar thoradh orthu.

Téann timpeallacht mhaith oibre shíceasóisialta chun tairbhe do chách. Braitheann oibrithe go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad in ann déileáil leis na héilimh a bhaineann leis an bpost. Faigheann fostóirí lucht saothair níos tiomanta, níos táirgiúla, agus níos dílse. Baineann an tsochaí tairbhe as costais cúraim sláinte níos ísle, as níos lú neamhláithreachtaí breoiteachta agus scéimeanna míchumais, agus as pobail níos láidre.

Is suntasach na hiarmhairtí a bhíonn i gceist nuair nach ndéantar rioscaí síceasóisialta a shainaithint, a chosc nó a bhainistiú. Bíonn daoine thíos leis, agus bíonn táirgiúlacht laghdaithe, neamhláithreachtaí breoiteachta méadaithe, agus ráta níos airde láimhdeachais foirne i gceist d'eagraíochtaí. D'fhéadfadh ganntanais foirne agus costais bhreise a bheith ann do chuideachtaí de dheasca na saincheisteanna sin.



© Liubomir - stock.adobe.com


## Ionaid oibre thacúla agus chuimsitheacha a chruthú

Tá dualgas dlíthiúil ar fhostóirí sláinte agus sábháilteacht a gcuid oibrithe a chosaint san ionad oibre, agus áirítear leis sin an mheabhairshláinte agus cosc rioscaí síceasóisialta. Cuimsítear leis sin ionad oibre ina mbeadh rath ar oibrithe — ní hamháin le dualgas dlíthiúil a chomhlíonadh. Is féidir le céimeanna simplí difríocht mhór a dhéanamh. Áirítear orthu sin cumarsáid shoiléir, ualaí oibre cothroma, tacaíocht ó bhainisteoirí agus cultúr inar féidir le hoibrithe fadhbanna a chur in iúl.

Cabhróidh cothú muiníne agus spreagadh comhrá oscailte le stiogma a shárú — nithe atá riachtanach lena cinntiú go bhfaigheann oibrithe an tacaíocht atá uathu.

Tá tábhacht freisin le tuiscint ar an éagsúlacht. Is féidir le daoine éagsúla a bheith níos leochailí roimh rioscaí éagsúla. Mar shampla, d’fhéadfadh mná, oibrithe imirceacha, oibrithe óga, agus daoine LADTIA+ a bheith níos neamhchosanta ar rioscaí áirithe, amhail ciapadh agus foréigean. Ní mór d’ionaid oibre na héagsúlachtaí sin a aithint agus a chinntiú go gcosnaítear gach duine.

Tá athrú tagtha ar shaol na hoibre go tapa. Baineann rioscaí nua leis an digitiú, cineálacha oibre nua, agus dúshláin éagsúla amhail an t-athrú aeráide. Cé go mbaineann solúbthacht leis an gcianobair agus leis an obair hibrideach, tá baol méadaithe ann roimh leithlisiú agus ní furasta an deighilt idir an t-ionad oibre agus an baile a dhéanamh amach. Ní mór d’fhostóirí coinneáil cothrom le dáta chun cosc rioscaí síceasóisialta agus cosaint na meabhairshláinte a chur i bhfeidhm, trína gcur chuige, sa timpeallacht oibre nua seo.





## Tuairiscíonn níos mó ná **ceathrar as gach deichniúr** oibrithe ar fud an Aontais (44 %) go mbíonn siad neamhchosanta ar dhianbhrú ama nó ró-ualach oibre.

*OSH Pulse 2025*

## An méid a léiríonn an fhianaise

- Tuairiscíonn níos mó ná ceathrar as gach deichniúr oibrithe ar fud an Aontais (44 %) go mbíonn siad neamhchosanta ar dhianbhrú ama nó ró-ualach oibre, de réir shuirbhé OSH Pulse 2025 ar oibrithe.
- De réir Shuirbhé Eorpach ar an bhFórsa Saothair (2020), tuairiscíonn beagnach 45 % de na hoibrithe san Aontas go mbíonn a bhfolláine mheabhrach i mbaol ag an obair. I roinnt Ballstát, tuairiscíonn níos mó ná leath de na hoibrithe na fadhbanna sin.
- Cé go dtuairiscíonn 39 % d'fhiontair san Eoraip go bhfuil plean gníomhaíochta acu chun strus a bhaineann leis an obair a chosc (ESENER 2024), tá gá fós le tacaíocht chun rioscaí síceasóisialta a bhainistiú ar bhealach níos fearr.
- Is minic a dhíríonn bearta ar dhaoine aonair, mar shampla trí oiliúint i mbainistiú struis nó san aireachas, seachas aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna san eagraíocht. Tuairiscíonn 53 % de na hoibrithe go soláthraítear feachtas feasachta agus faisnéis maidir le hoiliúint agus strus ina n-ionad oibre, tuairiscíonn 40 % díobh go bhfuil rochtain acu ar chomhairleoireacht, agus ní thuairiscíonn ach 35 % díobh go bhfuil bearta eile i bhfeidhm amhail athruithe ar eagrú na hoibre, tosaíochtaí a leagan síos, bearta chun cumarsáid a fheabhsú, srl. (OSH Pulse 2025).
- Tá na costais don tsochaí ard. D'fhéadfadh oibrithe a bheith as láthair de dheasca breoiteacht de bharr neamhord meabhrach mura gcuirtear cosc ar rioscaí síceasóisialta san ionad oibre.

Ar ámharaí an tsaoil, tá na buntáistí a bhaineann le gníomh soiléir. Léiríonn taighde, trí rioscaí síceasóisialta a chosc agus timpeallacht oibre shíceasóisialach dhearfach a bheith ann, nach amháin go gcuidítear le strus a laghdú agus le sláinte fhoriomlán na n-oibrithe a fheabhsú, ach go gcuirtear borradh freisin faoi tháirgiúlacht, laghdaítear neamhláithreacht agus cuirtear le cáil na cuideachta.

## Do threochlár gníomhaíochta: dul i ngleic leis na cúig réimse tosaíochta feachtais

Is é an bealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta san ionad oibre ná trí **mheasúnú agus bhainistiú riosca síceasóisialta** a chomhtháthú i gcleachtais Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair (OSH). Is féidir é sin a bhaint amach trí mheasúnaithe córasacha a reachtáil, rannpháirtíocht na n-oibrithe agus a n-ionadaithe, tosaíochtaí soiléire a leagan síos, agus faoi dheireadh pleananna gníomhaíochta agus meastóireachtaí a chur i gcrích.Tá ceannaireacht láidir riachtanach — ní mór oiliúint a chur ar bhainisteoirí chun rioscaí a shainaithint agus cultúr oibre tacúil a chothú.

Chun **ciapadh, gnéaschiapadh agus foréigean a chosc** agus chun dul i ngleic le bunchúiseanna na rioscaí sin, ní mór d'fhiontair measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht oibre shíceasóisialta, go háirithe an cultúr eagraíochtúil agus stíl cheannaireachta. Ní mór dóibh freisin beartas neamhfhulaingthe i leith iompar míchuí a chur chun cinn, le tacaíocht ó thionscnaimh cumarsáide soiléir agus feachtas feasachta, ó nósanna imeachta tuairiscithe dea-shainithe agus ó phróisis araíonachta.

Chun aghaidh a thabhairt ar **rioscaí fisiceacha agus ar an meabhairshláinte**, ní mór machnamh a dhéanamh ar an timpeallacht oibre ina hiomláine. Tá neart idirghníomhaíochtaí idir rioscaí fisiceacha agus rioscaí síceasóisialta; mar shampla, is féidir le timpistí agus neamhoird mhatánchnámharlaigh a bheith mar thoradh ar rioscaí síceasóisialta san ionad oibre.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar **earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta** mar gheall ar ualaí oibre arda, éilimh mhothúchánacha, agus neamhchosaint mhéadaithe ar fhoréigean.

Ar deireadh, chun tacú leis an **meabhairshláinte** caithfear idirphlé oscailte a chothú, stiogma a cheistiú, agus trí luath-idirghabháil agus nósanna imeachta éifeachtacha maidir le filleadh ar an obair a áirithiú. Tá comhar idir bainisteoirí, gairmithe sláinte agus oibrithe ríthábhachtach don fholláine fhadtéarmach.

## Comhfhreagracht

Tá sé de chúram ar chách an mheabhairshláinte a chosaint ag an obair. Téann sé chun tairbhe d'oibrithe, do ghnólachtaí agus don tsochaí. Trí chomhoibriú, is féidir linn ionaid oibre a chruthú ina mbeidh rath ar gach duine — anois agus amach anseo. Gabhaimis orainn féin bearta nithiúla a chur i bhfeidhm — ó mheasúnuithe riosca agus coisc go comhráite oscailte — chun cultúr na folláine a chothú i ngach ionad oibre. Feicfear éifeacht fhadtréimseach na mbearta ar an duine aonair, agus ar phobail, iad níos athléimní agus níos táirgiúla dá mbarr.



© Feeling Lucky - stock.adobe.com

# 3. | Réimsí tosaíochta

## 3.1. Measúnú agus bainistiú riosca síceasóisialta

Is é bainistiú agus cosc rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair an bhunchloch faoi mheabhairshláinte mhaith san ionad oibre . Chun sábháilteacht agus sláinte oibrithe a chosaint, tá dualgas dlíthiúil ar fhostóirí na rioscaí sin a mheasúnú agus bearta coisctheacha a chur chun feidhme.


In ainneoin na hoibleagáide sin, ní thuairiscíonn ach 40 % d'fhiontair an Aontais go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm acu chun déileáil le strus a bhaineann leis an obair (ESENER 2024).

Léiríonn staidéir go bhfuil 'cás láidir gnó' ann chun strus agus rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a chosc (EU-OSHA 2014).

Áirítear an méid seo a leanas mar shamplaí de **thocsa riosca síceasóisialta san ionad oibre**:

- ualach oibre iomarcach;
- droch-chothromaíocht oibre agus saoil;
- easpa rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta;
- easpa neamhspleáchas agus tionchar ar an gcaoi a ndéantar an obair;
- easpa soiléireacht sa ról agus éilimh chontrártha;
- droch-chumarsáid maidir le hathruithe san ionad oibre;
- éiginnteacht fostaíochta;
- easpa tacaíocht ón mbainistíocht nó ó chomhghleacaithe, drochchaidreamh sóisialta;
- foréigean tríú páirtí, bulaíocht, agus gnéaschiapadh; agus
- éilimh mhothúchánacha nuair a bhítear ag plé le cliaint, othair, mic léinn, nó custaiméirí deacra.






## Ceithre phríomhphrionsabal chun scéim chuí um chosc rioscaí síceasóisialta a chur chun feidhme:

1. **Sainaithin cad a oibríonn do d'eagraíocht.** Ba cheart gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibre a chur in oiriúint do spriocanna do chuideachta agus do na hacmhainní atá ar fáil (airgead, am, foireann). Agus athruithe á ndéanamh, is fearr aon ghníomhaíocht a chomhtháthú i gcleachtais oibre atá ann cheana.
2. **Cloí le hordlathas an choisc.** Cuir tús leis trí iarracht a dhéanamh na rioscaí aitheanta a dhíothú go hiomlán. Mura féidir, tabhair tús áite do bhearta eagraíochtúla agus teicniúla sula dtéann tú i muinín tacaíocht aonair. D'fhéadfadh sé gur iarracht gan tairbhe a bheadh ann tacú le daoine aonair (e.g. le comhairleoireacht shíceolaíoch agus oiliúint athléimneachta) gan na cúinsí san ionad oibre a athrú.
3. **Ról a thabhairt d'oibrithe sa phróiseas.** Trí pháirt a thabhairt d'oibrithe agus dá n-ionadaithe, cuidítear leis na saincheisteanna is tábhachtaí a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Tugann sé braistint úinéireachta d'oibrithe freisin maidir leis na hathruithe atá á gcur chun feidhme, rud a chothaíonn tiomantas agus rannpháirtíocht.
4. **Baineann tábhacht le tacaíocht na bainistíochta.** Nuair a bhíonn bainisteoirí rannpháirteach go gníomhach, nuair a thacaíonn siad le hoibrithe ag gach céim agus nuair a thugann siad dea-shampla, léiríonn siad tiomantas do thimpeallacht mhaith oibre a chruthú.

***Tá seans 40 % níos lú ann go dtuairisceoidh ionaid oibre a dhéanann measúnuithe rialta ar rioscaí síceasóisialta go mbíonn strus ard ar fhostaithe iontu.***

*ESENER 2024*



## Na chéad chéimeanna

Cuireann go leor údarás agus comhpháirtithe sóisialta treoir phraiticiúil ar fáil maidir le conas aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta (e.g. cigireachtaí saothair áitiúla nó náisiúnta, institiúidí OSH, comhlachais earnálacha). D'fhéadfadh deiseanna cistiúcháin náisiúnta nó réigiúnacha a bheith ar fáil freisin. Ní gá go mbeadh bearta costasach; is féidir le cuideachtaí beaga feabhas a chur ar dhálaí oibre síceasóisialta ar bhuiséad teoranta freisin.

## Cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha agus iad a chur chun feidhme

Sainaithnítear rioscaí síceasóisialta san ionad oibre d'fhonn iad a chosc go héifeachtach trí mheasúnú riosca cuí. Ina dhiaidh sin, ní mór bearta coisctheacha cuí a chur i bhfeidhm.


- Díríonn **cosc príomhúil** ar rioscaí a dhíothú nó a laghdú sula ndéanann siad difear d'oibrithe. Is iondúil go mbíonn athruithe ar dhearadh, eagrú agus bainistíocht oibre i gceist leis.
- Tagraíonn **cosc tánaisteach** d'fheabhas a chur ar an gcaoi a mbreathnaíonn grúpaí atá i mbaol ar rioscaí síceasóisialta agus ar an gcaoi a mbainistíonn siad iad. Comhlánaíonn sé sin an cosc príomhúil, ach ní thagann sé ina ionad. Dírítear ar strus a luathbhrath agus a bhainistiú agus ar fheasacht, scileanna agus acmhainní déileála na n-oibrithe a neartú.
- Is é is aidhm don **chosc treasach** tacaíocht a chur ar fáil d'oibrithe a ndéanann fadhbanna meabhairshláinte a bhaineann leis an obair difear dóibh cheana féin, rud a chuideoidh leo téarnamh agus fanacht ag an obair nó filleadh ar an obair.

## Gnéithe ginearálta nach mór a chur san áireamh agus na bearta sin á gcur i bhfeidhm

- An tábhacht a bhaineann le hoiliúint a chur ar bhainisteoirí agus ar cheannairí foirne maidir le conas rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a aithint agus déileáil leo, agus conas na hábhair sin a phlé le hoibrithe.
- Spriocanna soiléire a leagan síos agus a chomhaontú go comhpháirteach le hoibrithe agus/nó lena n-ionadaithe maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar gach saincheist agus réiteach, mar aon le freagrachtaí, acmhainní riachtanacha, agus amlíne ghinearálta.

## Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí

- Trí fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí, cinntítear go mbeidh tionchar ag na réitigh a roghnófar agus go léireofar éifeachtaí fadtéarmacha leo freisin.
- Trí aiseolas a lorg ó na hoibrithe, tar éis roinnt míonna, rath na réiteach a cuireadh i bhfeidhm a mheas, na rudaí a bhí rathúil a shainaithint, agus na réimsí a chaithfear feabhsú a thabhairt chun suntais.



## 3.2. Ciapadh, gnéaschiapadh, agus foréigean

Tá ciapadh, gnéaschiapadh, agus foréigean san ionad oibre i measc na rioscaí is díobhálaí, cé nach iad na rioscaí is minice a thuairiscítear. Is féidir leis na hiompraíochtaí díobhálacha sin tionchar tromchúiseach a imirt ar mheabhairshláinte, shláinte fhisiciúil agus fholláine duine.

### Foréigean tríú páirtí

- Is éard atá i gceist le foréigean tríú páirtí ná gníomhartha ionsaithe fisiciúil nó síceolaíoch a dhéanann daoine aonair nach cuid den chuideachta iad.
- Thuairiscigh 56 % de na fiontair rioscaí maidir le 'déileáil le custaiméirí, othair agus daltaí deacra' (ESENER 2024). Thuairiscigh 17 % d'oibrithe droch-iompraíocht shóisialta sa Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip (EWCS 2024).
- D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm drochíde ó bhéal, ionsaí fisiciúil, bagairtí, imeaglú, nó iompraíochtaí ionsaitheacha eile atá dírithe ar oibrithe.
- Is mó an baol d'oibrithe a bhíonn ag idirghníomhú leis an bpobal agus leo siúd a oibríonn ina n-aonar nó san oíche, go háirithe in earnálacha amhail iompar, cúram sláinte, oideachas, miondíol, sábháilteacht phoiblí agus riarachán.

### Ciapadh/bulaíocht agus mabáil


- Is próiseas géaraithe é ciapadh/bulaíocht a dhéanann daoine aonair laistigh den eagraíocht de ghnáth, agus is éard a bhíonn i gceist leis ná iompraíochtaí leanúnacha a bhagraíonn, a imeaglaíonn, a dhíspeagann nó a náiríonn comhoibrí amháin nó níos mó.
- Ní toisc riachtanach í rún na bpáirtithe chun ciapadh/bulaíocht a dhéanamh; is é leanúnachas iompar a dhéanann ciapadh de.
- Is féidir le dearcthaí idirdhealaitheacha i leith cine, eitneacha, creidimh, inscne nó gnéaschlaonta cur leis na hiompraíochtaí den sórt sin.
- D'fhéadfadh grúpaí gabháil do na hiompraíochtaí sin freisin seachas an duine aonair.

## Cibearfhoréigean agus cibirchiapadh

- Leis an spleáchas méadaitheach ar theicneolaíochtaí cumarsáide digití ag an obair, cruthaítear bealaí breise le haghaidh foréigin agus ciaptha, ó thriú páirtithe agus laistigh den ionad oibre araon.
- Is féidir le huirlisí digiteacha amhail na meáin shóisialta, aipeanna teachtaireachtaí agus ríomhphoist an ciapadh a mhéadú, rud a chuireann ar a chumas leanúint ar aghaidh lasmuigh d'uaireanta oibre agus fiú dul i bhfeidhm ar shaol príobháideach na n-oibrithe.

## Gnéaschiapadh

- Tagraíonn gnéaschiapadh d'aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil neamh-inmhianaithe de chineál gnéasach, a bhfuil sé mar aidhm nó mar éifeacht aige dínit duine a shárú, go háirithe agus timpeallacht imeaglach, naimhdeach, táireach, náireach nó maslach á cruthú.
- Cé gur féidir le duine ar bith a bheith ina íospartach, cuirtear isteach go díréireach ar mhná. De réir Shuirbhé 2024 an Aontais ar Fhoréigean Inscnebhunaithe, d'fhulaing bean amháin as gach triúr gnéaschiapadh ag an obair (Eurostat, FRA, EIGE).
- Luaitear sa suirbhé céanna gur fhulaing thart ar 75 % de mhná i bpoist ardbhainistíochta gnéaschiapadh le linn a saoil.
- Is eol go mbíonn earnálacha a bhíonn ag plé leis an bpobal, amhail earnáil an fháilteachais, níos mó i mbaol i dtaca le gnéaschiapadh.



**Tá taithí ag**
# bean amháin as gach
**triúr ar ghnéaschiapadh san ionad oibre.**

***Suirbhé an Aontais 2024 ar fhoréigean inscnebhunaithe***

## Iarmhairtí

- D'fhéadfadh iarmhairtí mothúchánacha láidre a bheith ag íospartaigh amhail eagla, fearg nó fiú náire, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hanacair mhothúchánach, cailliúint féinmheasa, imní agus dúlagar, go minic in éineacht le neamhoird chodlata agus deacrachtaí maidir le haird a dhíriú.
- Ní hamháin go mbíonn tionchar ag foréigean agus ag ciapadh san ionad oibre ar shláinte mheabhrach agus fhisiciúil na n-íospartach, ach is féidir leo iad a fhágáil gan deiseanna fáis phearsanta agus forbartha gairme freisin.
- I gcás eagraíochtaí, d'fhéadfadh timpeallacht oibre naimhdeach a bheith mar thoradh uirthi: neamhláithreacht mhéadaithe, táirgiúlacht laghdaithe, rátaí níos airde láimhdeachais foirne agus dúshláin níos mó maidir le hoibrithe a mhealladh.

## An méid is féidir le heagraíochtaí a dhéanamh

- Tosú trí fheasacht a mhúscailt faoi thimpeallacht oibre shíceasóisialta na heagraíochta.
- Obair leantach a dhéanamh trí mheasúnú córasach a dhéanamh ar thimpeallacht shíceasóisialtach d'eagraíochta, agus breathnaighú go géar ar an gcultúr, ar an gcumarsáid agus ar an stíl cheannaireachta.
- Beartas neamhfhulaingthe a bhunú maidir le haon iompar míchuí, lena n-áirítear do thríú páirtithe (amhail cliaint, daltaí, othair, srl.).
- Tacú leis an mbeartas sin trí chumarsáid shoiléir, oiliúint rialta múscailte feasachta, bealaí tuairiscithe simplí, agus gníomhaíocht araíonachta chomhsheasmhach.

**Amharc ar OiRA — Measúnú riosca idirghníomhach ar líne — uirlisí chun a fháil amach conas is féidir leat rioscaí san ionad oibre a mheasúnú agus a bhainistiú:**

*Foréigean tríú páirtí*
*Ciapadh agus gnéaschiapadh*

## 3.3. Rioscaí fisiceacha agus meabhairshláinte

Léiríonn taighde go bhfuil dlúthcheangal idir rioscaí fisiceacha agus síceasóisialta san ionad oibre agus na hiarmhairtí a bhaineann leo. Tá sé seo níos soiléire in earnálacha ina mbíonn an obair dian ar an gcorp, áit a ndíríodh iarrachtaí san am a chuaigh thart chun fadhbanna cosúil le tinneas droma agus teannas matáin a chosc go minic ar rioscaí fisiceacha, amhail láimhsiú ualaí, ardú trom, agus staidiúir amscaí.

### Neamhoird mhatánchnámharlaigh: dé-riosca

Is féidir ról a bheith ag rioscaí síceasóisialta, amhail rialú post nó éilimh phoist, maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh a chruthú nó a dhéanamh níos measa. Mar sin féin, má tá neamhord matánchnámharlaigh ar oibrithe, laghdóidh sé athléimneacht oibrithe i leith tosca riosca síceasóisialta. Dá bhrí sin, is féidir le rioscaí síceasóisialta a bheith ina gconstaic fhéideartha ar athshlánú rathúil oibrithe a bhfuil neamhord matánchnámharlaigh orthu agus ar a n-ath-imeascadh sa lucht saothair.

Mar fhocal dearfach, léirítear sa taighde freisin gur féidir le tacaíocht mhaith shóisialta, mar shampla, a bheith ina toisc chosantach san ionad oibre agus an cumas déileáil le rioscaí síceasóisialta a fheabhsú, agus siomptóim neamhord matánchnámharlaigh a mhaolú.

### Tosca comhshaoil a dhéanann difear don mheabhairshláinte

D'fhéadfadh nochtadh do **cheimiceáin, torann** agus **teochtaí foircneacha** sa timpeallacht oibre difear a dhéanamh do mheabhairshláinte oibrithe freisin. Mar shampla, is féidir le strus teasa ainsealach — iarmhairt fhéideartha den athrú aeráide — a bheith ina chúis le himní agus le míchumais chognaíocha, go háirithe i ngrúpaí leochaileacha amhail oibrithe níos sine agus iad siúd a bhfuil riochtaí meabhairshláinte acu cheana.

## Timpistí agus gortuithe agus an tionchar a bhíonn acu ar an meabhairshláinte

Is iad na láithreacha oibre a bhfuil rioscaí fisiceacha forleathana ag baint leo na cinn a bhfuil an líon is airde de **thimpistí agus de ghortuithe** acu. D'fhéadfadh gortuithe oibre a bheith ina gcúis le fadhbanna meabhairshláinte nó cur leo. Ag an am céanna, is féidir le rioscaí síceasóisialta agus strus a bhaineann leis an obair cur isteach ar fheidhmiú cognaíoch agus mothúchánach na n-oibrithe, rud a mhéadaíonn tuirse nó fadhbanna maidir le haird a dhíriú a d'fhéadfadh cur le líon níos airde timpistí.

## I dtreo cur chuige iomlánaíoch maidir le bainistiú riosca

Ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh tá a chinntiú go ndéanfar rioscaí síceasóisialta a chomhtháthú i measúnuithe riosca, na saincheisteanna sin a phlé leis an bhfoireann le linn seisiúin faisnéise OSH, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí síceasóisialta a chur san áireamh agus aghaidh á tabhairt ar neamhoird mhatánchnámharlaigh.

Sin é an fáth a bhfuil cur chuige iomlánaíoch maidir le measúnú agus bainistiú riosca tairbheach — cur chuige lena bhféachtar ar rioscaí fisiceacha agus síceasóisialta araon le chéile chun sláinte agus folláine fhoriomlán na n-oibrithe a chosaint — go háirithe in ionaid oibre ina bhfuil nochtadh ard comhcheangailte don dá thoisc.



© Quality Stock Arts - stock.adobe.com

## 3.4. Rioscaí síceasóisialta in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta

Tá earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta ríthábhachtach do shochaí na hEorpa, agus bíonn tionchar aici ar shláinte agus ar fholláine fhoriomlán an daonra agus an gheilleagair. Cuimsíonn sé gníomhaíochtaí éagsúla:

- cúram sláinte (e.g. in ospidéil, clinicí agus cleachtais leighis nó cleachtais cúraim fiaclóireachta);
- cúram cónaitheach (e.g. d'othair aosta, othair faoi mhíchumas, agus othair mheabhairshláinte i suíomhanna cónaithe agus i dtithe); agus
- obair shóisialta (e.g. cúram baile, aire a thabhairt do dhaoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus leanaí).


Den chuid is mó, is mná iad oibrithe san earnáil sin i suíomhanna cúraim fhoirmiúil amhail ospidéil, tithe altranais, tithe cúraim agus cleachtais leighis, mar aon le hoibrithe cúraim a chabhraíonn le daoine aonair ina dtithe féin. Tá cúlraí imirceacha ag go leor acu agus oibríonn siad freisin i ngairmeacha ina dteastaíonn scileanna níos ísle.

### An méid a léiríonn na huimhreacha

- Bunaithe ar shuirbhé ESENER 2024 ar fhiontair:
  - Tuairiscíonn 72 % gurb é déileáil le hothair dheacra an riosca síceasóisialta is coitianta;
  - Tuairiscíonn 48 % go gcaithfidh siad déileáil le brú ama;
  - Deir 21 % go bhfuil uaireanta oibre fada agus neamhrialta acu; agus
  - Tarraingíonn 23 % aird ar dhrochchumarsáid nó ar dhroch-chomhar ag an obair.
- Tuairiscíodh go raibh daoine nochta do roinnt tosca riosca shíceasóisialta níos coitianta san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta ná mar a tuairiscíodh sna hearnálacha eile go léir le chéile (ESENER 2024).
- Is é is dóichí go mbeidh oibrithe in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta neamhchosanta ar rioscaí matánchnámharlaigh agus síceasóisialta araon i gcomparáid le hearnálacha eacnamaíocha eile (EWCS 2021).

- Is iad seo a leanas saintréithe earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta:
  - an mhinicíocht is airde d'fhoréigean tríú páirtí agus de ghnéaschiapadh, agus go ndéantar níos mó difir do mhná ná d'fhir (EWCS 2021);
  - obair atá dúshlánach ó thaobh mothúchán de, go háirithe nuair a bhíonn cúram á thabhairt d'othair atá ag fulaingt, a bhfuil tinneas an bháis orthu nó atá deacair agus doicheallach;
  - déine ard oibre a laghdaíonn go minic cáilíocht na timpeallachta oibre síceasóisialta;
  - ganntanas foirne (measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go mbeidh ganntanas 4.1 milliún oibrí cúraim sláinte san Aontas faoi 2030);
  - sealobair agus uaireanta oibre neamhrialta; agus
  - nochtadh comhcheangailte do thosca riosca éagsúla: riosca bitheolaíoch (e.g. pataiginí, galair thógálacha), ceimiceach (e.g. cógais ghuaiseacha, díghalráin), fisiceach (e.g. sleamhnáin, titim, radaíocht), matánchnámharlaigh (e.g. othair a ardú, a láimhseáil).

## Céatadán na n-ionad oibre a thuairiscíonn go bhfuil tosca riosca shíceasóisialta iontu, Sláinte agus cúram sóisialta agus meán AE-27 thar gach earnáil, 2024




*Foinse: ESENER 2024 - Bonn: Bunaíochtaí in AE-27*

## Iarmhairtí

Ar an iomlán, thuairiscigh 31 % d'oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta strus, dúlagar nó imní arb í an obair is cúis leo nó a dhéanann níos measa iad — figiúr atá níos mó ná an meán Eorpach ar fud na n-earnálacha uile (OSH Pulse 2025). Tá sé léirithe i staidéir gur féidir le ró-ualach oibre agus uaireanta oibre neamhrialta cur le forbairt neamhoird mhatánchnámharlaigh. Bíonn tionchar suntasach ag leitheadúlacht ard na neamhord matánchnámharlaigh, mar aon le strus agus torthaí sláinte eile — mar shampla, maidir le neamhláithreacht de bharr tinnis agus an láithreachtas.

I gcás eagraíochtaí san earnáil, is é an toradh atá air sin táirgiúlacht laghdaithe arb iad leibhéil arda neamhláithreachta agus láimhdeachais foirne is cúis léi, rud atá ina bhagairt shuntasach.

Ar an leibhéal sochaíoch, is féidir le ganntanas foirne, éilimh chúraim ó dhaonra atá ag dul in aois, agus lucht oibre atá ag dul in aois san earnáil, brú a chur ar sheirbhísí náisiúnta cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir go bhfuil soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán i mbaol go mór gan sláinte agus sábháilteacht na ndaoine atá ag obair san earnáil.

***Caithfidh 72 % de láithreacha oibre san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta déileáil le hothair dheacra mar an riosca síceasóisialta is coitianta.***

*ESENER 2024*

## 3.5. Tacú le meabhairshláinte san ionad oibre

D'fhéadfadh riachtanais shonracha a bheith ag roinnt oibrithe, nó d'fhéadfaidís a bheith ag fulaingt ó fhadhbanna meabhairshláinte. Tá sé sin coitianta — meastar go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte san Aontas ag cur isteach ar dhuine amháin as gach seisear, agus gurb iad neamhoird imní agus dúlagair na cinn is forleithne (an Coimisiún Eorpach 2023).

D'fhéadfadh fadhbanna meabhairshláinte difear tromchúiseach a dhéanamh do ghníomhaíochtaí laethúla, tá siad nasctha le neamhláithreachtaí oibre agus dífhostaíocht, agus tá a bhfoirmeacha níos déine i measc na bpríomhchúiseanna le míchumas buan. Mar sin féin, le tacaíocht chuí, is féidir le go leor daoine leanúint ar aghaidh leis an obair nó filleadh ar an obair, agus iad fós an-táirgiúil agus an-tiomanta.

Is fíor sin i gcás oibrithe néara-éagsúla a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu feidhmiú i dtimpeallacht oibre 'chaighdeánach' — trí fhreastal ar a riachtanais aonair, cuirtear ar a gcumas leanúint go héifeachtach den obair agus a bhrath go bhfuil siad cumasach agus go bhfuil meas orthu.

Freagraíonn **timpeallacht oibre chuimsitheach** do riachtanais na n-oibrithe agus cuireann sí ar chumas gach duine fanacht san obair go rathúil nó filleadh uirthi. Fiú nuair nach mbaineann fadhbanna meabhairshláinte leis an obair, is féidir le timpeallacht oibre thacúil agus mheasúil difríocht mhór a dhéanamh — don duine lena mbaineann agus don ionad oibre ar fad.



© Prostock-studio - stock.adobe.com

## Samplaí de chur in oiriúint do riachtanais aonair:

- spásanna oibre níos ciúine agus níos lú seachmaill a chur ar fáil;
- dualgais oibre a choigeartú go sealadach;
- coigeartú sealadach ar uaireanta oibre chun coinní leighis a éascú, más gá;
- socrúcháin fhadtéarmacha maidir le huaireanta solúbtha; agus
- teilea-obair.

Is féidir le bearta eagraíochtúla den sórt sin cabhrú le hoibrithe teacht ar ais nó leanúint de bheith ag obair go héifeachtach. Mar sin féin, ní bheidh tacaíocht shaincheaptha den sórt sin éifeachtach san fhadtéarma ach amháin má tá sí leabaithe go maith i measúnú agus bainistiú cuí ar rioscaí síceasóisialta san ionad oibre. Áirítear leis sin a chinntiú nach gcruthaítear ualach oibre breise d'oibrithe eile trí fhreastal ar riachtanais aonair, rud a d'fhéadfadh, dá bharr sin, a bheith ina chúis le doicheall agus le mothú ginearálta éagóra.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin nuair atá oibrí ag filleadh ar an obair tar éis dó a bheith ag fulaingt ó fhadhb mheabhairshláinte.

Léiríonn taighde gur mó seans a bheidh ann d'oibrí filleadh ar an obair nuair a dhéantar an méid seo a leanas san ionad oibre:

- cúraimí oibre a chur in oiriúint do riachtanais an oibrí;
- tacaíocht láidir ó bhainisteoirí , lena n-áirítear aiseolas agus aitheantas;
- tacaíocht ó chomhoibrithe a spreagadh; agus
- timpeallacht oibre a choinneáil ar bun ina n-aithnítear rioscaí síceasóisialta go maith agus ina ndéantar iad a bhainistiú go héifeachtach.

Chun ionad oibre cuimsitheach a chruthú, is gá freisin deireadh a chur le bacainn an **stiogma a bhaineann leis an meabhairshláinte**, rud a chuireann cosc go minic ar oibrithe tacaíocht a lorg. Is feiniméan sóisialta é stiogma na meabhairshláinte a léiríonn dearcadh diúltach, creidimh agus steiréitíopaí a bhaineann le neamhoird mheabhairshláinte. Is féidir leis an stiogma an eagla roimh dhaoine a mbíonn fadhbanna meabhairshláinte acu a chothú, agus is féidir leis a bheith ina chúis le leithcheal ina leith. Is féidir le stiogma féindírithe a bheith ina chúis le mothúcháin náire agus éadóchais, le leithlisiú níos doimhne agus le riocht an duine a dhul in olcas.



## **Creideann beagnach leath** de na oibrithe san Aontas go mbeadh drochthionchar ag riocht meabhairshláinte a nochtadh san ionad oibre ar a ngairmréim, agus easaontaíonn an sciar céanna leo.

*OSH Pulse 2025*

Deimhníonn ESENER 2024 gur bac mór ar bhainistiú rioscaí síceasóisialta san ionad oibre é drogall daoine labhairt go hoscailte faoin tsaincheist. Mar sin féin, tá iarrachtaí á ndéanamh ag roinnt ionaid oibre cultúr oscailte agus saor ó stiogma a chruthú.

Léirítear in OSH Pulse 2025, go bhfuil tuairimí éagsúla ag oibrithe ar fud an Aontais maidir le nochtadh riocht meabhairshláinte. As measc na n-oibrithe d'aontaigh 48 % dóibh go gcuirfeadh nochtadh isteach go diúltach ar a ngairm bheatha, d'easaontaigh 48 % eile dóibh, agus ní raibh a fhios ag 4 % dóibh.

Is féidir dul i ngleic le stiogma na meabhairshláinte san ionad oibre. Chuige sin, tá gá le tiomantas na ceannaireachta agus rannpháirtíocht na n-oibrithe chun muinín, comhar agus cumarsáid sa timpeallacht oibre a fheabhsú, mar aon le feasacht a mhúscailt maidir leis an gcaoi ar féidir le gach duine tairbhe a bhaint as labhairt go hoscailte faoi shaincheisteanna oibre a dhéanann difear dá meabhairshláinte agus dá sláinte fhisiciúil.

Téann cultúr oibre cuimsitheach, tacúil agus saor ó stiogma chun tairbhe do chách — mothaíonn oibrithe go bhfuil meas ag fostóirí orthu agus go bhfuil siad cumasach, agus bíonn rath ar ghnólachtaí a bhfuil foireann an-tiomanta agus táirgiúil acu.

# 4. Conas páirt a ghlacadh san fheachtas

Is féidir le gach duine tacaíocht a thabhairt don mheabhairshláinte san ionad oibre, agus tá tábhacht le gach gníomh!

**Tosaigh anseo**: téigh chuig suíomh gréasáin an fheachtais chun teacht ar gach eolas atá uait faoin ábhar agus faoin gcaoi ar féidir leat páirt a ghlacadh ann.

**Acmhainní feachtais ar fáil**: pacáistí uirlisí cumarsáide saor in aisce, grafaicí eolais, tuarascálacha, bileoga, uirlisí agus cuir i láthair réamhdhéanta i 25 teanga.

**An tSeachtain Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a chomóradh** (seachtain 43 gach Deireadh Fómhair) agus imeachtaí a phleanáil amhail cúrsaí oiliúna, comórtais, suirbhéanna foirne, díospóireachtaí painéil agus cuairteanna ar chuideachtaí.

**Bí i do Chomhpháirtí Oifigiúil den Fheachtas** agus glac páirt i líonra uile-Aontais ina bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), eagraíochtaí fostóirí earnála, ceardchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí gairmiúla (ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon) san áireamh cheana féin.

Tionscnaimh spreagúla a ainmniú do **Ghradaim Dhea-Chleachtais d'Ionaid Oibre Shláintiúla**. Na gradaim atá eagraithe ag EU-OSHA agus a Lárphointí Náisiúnta, tugann siad ómós do thionscnaimh nuálacha agus do thionscnaimh den scoth i réimse na sláinte agus na sábháilteachta san ionad oibre.

**Scaip an scéal ar na meáin shóisialta!** Lean sinn ar ár gcainéil nó roinn do scéal ar na meáin shóisialta, ag úsáid **#EUhealthyworkplaces** nó clibeáil **@EU_OSHA**. Bain úsáid as ár pacáiste meán sóisialta chun an feachtas a chur chun cinn ar ardáin dhigiteacha.



© Antonioguillem - stock.adobe.com

## Bealaí breise chun rannchuidiú

- **FBManna**. Déan teagmháil le do Phointe Teagmhála Náisiúnta chun tuilleadh eolais a fháil ar leibhéal náisiúnta agus chun ábhair teanga áitiúla a fháil.
- **Iriseoirí agus cruthaitheoirí ábhair.** Bí i do chomhpháirtithe meán agus faigh agallaimh eisiacha agus preasphacáistí.
- **Gach duine.** Seimineáir ghréasáin malartaithe eolais a óstáil le comhpháirtithe eile, ábhair de chuid an fheachtais a roinnt i do nuachtlitreacha, póstaeir a chrochadh ar chláir fógraí, suirbhé foirne a reáchtáil agus aird a tharraingt ar léargais ó shuirbhéanna fostóirí agus oibrithe EU-OSHA chun comhráite bunaithe ar fhianaise a spreagadh.

***Trínár nguthanna a thabhairt le chéile, is féidir linn feasacht a iompar ina gníomh, deireadh a chur leis an stiogma, agus ionaid oibre a chruthú inar féidir le gach duine a bheith rathúil!***



### *Smaointe praiticiúla maidir le gníomh feachtais*

- Póstaeir feachtais nó grafaicí eolais a chrochadh i gceantair phoiblí.
- Fógra meirge an fheachtais a chur le do shíniú ríomhphoist.
- Teachtaireachtaí feachtais a roinnt ar na meáin shóisialta nó ar d'inlíon.
- Sliotán ama maidir le meabhairshláinte a chur san áireamh i gcruinnithe d'fhoirne.
- Suirbhéanna foirne ar rioscaí síceasóisialta a reáchtáil.
- Nuacht faoin bhfeachtas a chur san áireamh i do nuachtlitreacha.
- Na gníomhartha seo a mheascadh agus a mheaitseáil chun rannpháirtíocht a thógáil i rith na bliana.

## 4.1. Cé ba cheart a bheith páirteach?

Cuireann an feachtas fáilte roimh gach duine a bhfuil baint acu leis an saol oibre a mhúnlú agus le tionchar a imirt ar chultúr an ionaid oibre. Is comhfhreagracht é díriú ar shláinte mheabhrach san ionad oibre — agus tá tábhacht le gach guth.

Iarrtar ar na daoine seo a leanas páirt a ghlacadh san fheachtas:

- **fostóirí de chuideachtaí de gach méid**, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus micrifhiontair;
- **oibrithe ar fud na n-earnálacha agus na gcúlraí go léir**;
- **comhpháirtithe sóisialta**, ceardchumainn agus comhlachais fostóirí;
- **cigirí saothair** agus údaráis chomhlíontachta san ionad oibre;
- **gairmithe OSH, lena n-áirítear síceolaithe gairme** agus **cleachtóirí acmhainní daonna**;
- **eagraíochtaí meabhairshláinte**, abhcóidí frithstiogma agus grúpaí um chearta daoine faoi mhíchumas;
- **eagraíochtaí agus líonraí ban agus óige** a thacaíonn le cothromas inscne;
- **eagraíochtaí a chuireann cuimsiú agus cearta LADTIA+ san ionad oibre chun cinn**;
- **an lucht ceaptha beartas** ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus AE;
- **taighdeoirí agus oideoirí** atá ag obair i réimsí a bhaineann le OSH, sláinte an phobail, síceolaíocht nó fostaíocht;
- **gairmithe sna meáin**, iriseoirí agus cruthaitheoirí ábhair a dhíríonn ar fholláine san ionad oibre agus ar shaincheisteanna sóisialta.


***Cibé acu; dearann tú poist, tugann tú tacaíocht d'oibrithe, imríonn tú tionchar ar pholasaí, cuireann tú oideachas ar an gcéad ghlúin eile, nó múnlaíonn tú tuairim an phobail — cabhraíonn do rannpháirtíocht le feasacht a iompú ina ghníomh.***



## 4.2. An feachtas a chumhachtú: ár líonra comhpháirtithe

Faigheann EU-OSHA a neart ó líonra leathan comhpháirtithe a nascann ionaid oibre áitiúla leis an lucht cinnteoireachta ar leibhéal an Aontais.

- Pointí Fócasacha Náisiúnta i ngach Ballstát a stiúrann gníomhaíochtaí ar an talamh, a aistríonn ábhair agus a spreagann líonraí trípháirteacha;
- déanann eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta trastionscail agus grúpaí fostóirí teachtaireachtaí an fheachtais a ionchorprú ina n-idirphlé agus ina gcumarsáid ar fud na hearnála, agus iad á n-iompar díreach isteach in ionaid oibre ar fud gach earnála;
- Comhpháirtithe Feachtais Oifigiúla, cuideachtaí ilnáisiúnta, comhlachais FBManna, ceardchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí gairmiúla agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghníomhaíonn mar ambasadóirí, a reáchtálann imeachtaí malartaithe piaraí agus a chomhchruthaíonn uirlisí praiticiúla;
- comhpháirtithe na meán scéalta ratha a scaipeadh trí na meáin chlóite, ar líne agus shóisialta;
- cinntíonn an Líonra Fiontar Eorpach agus ambasadóirí don tsláinte agus do shábháilteacht cheirde i measc múinteoirí agus mac léinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (OSHVET) go mbíonn tionchar ag an bhfeachtas ar ghnólachtaí nuathionscanta, micrifhiontair, scoileanna gairme agus printísigh.



*‘Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tiomanta d’ionaid oibre shábháilte shláintiúla a chothú ina gcosnaítear sláinte agus folláine na bhfostaithe go léir. Trí chomhoibriú le EU-OSHA agus lenár gcomhpháirtithe náisiúnta, oibrímid chun feasacht a mhúscailt, chun dea-chleachtais a roinnt, agus chun tacú le fostóirí agus le fostaithe cultúr san ionad oibre a chothú a chuireann luach ar mheabhairshláinte dhearfach a bhaineann leis an obair agus a chuireann chun cinn í, rud a chuireann ar chumas gach duine a bheith rathúil ag an obair. Cuidíonn ár dtiomantas comhroinnte inniu le hionaid oibre shláintiúla an lae amárach a mhúnlú.’*

*Gavin Lonergan, Pointe Fócais Náisiúnta, Éire*

## 4.3. Ábhair feachtais: do shraith uirlisí feachtas feasachta

Tá réimse leathan acmhainní feachtais ar fáil chun cabhrú leat beart a dhéanamh.

### Príomhacmhainní feachtais

- Treoir feachtais agus bileog.
- Póstaeir, grafaicí eolais, cuir i láthair PowerPoint.
- Sraith straitéisí d'fheachtas ar líne.

### Acmhainní agus uirlisí teicniúla

- Tuarascálacha, ailt OSHwiki, agus coimrí beartais.
- Cás-staidéir agus bileoga faisnéise.
- OiRA.
- Cuir i láthair ar ábhair thosaíochta.
- Treoir maidir leis an ionad oibre.

### Sócmhainní digiteacha

- Sraith straitéisí do na meáin shóisialta ina bhfuil teachtaireachtaí réidh le roinnt.
- Gearrthóga físe gearra lenár gcarachtar beochana, Napo.
- Físeáin agus gearrthóga feachtais.
- Síntí ríomhphoist agus cúlraí fíorúla.

### Beartas agus rialáil

- Reachtaíocht agus ábhair threoraíochta de chuid an Aontais maidir le OSH.



## 4.4. Príomhdhátaí: amlíne an fheachtais ar an toirt

### 2026

- **Bealtaine:**
  suíomh gréasáin réamhsheolta ar líne (croí-ábhair i mBéarla).
- **Deireadh Fómhair:**
  - suíomh gréasáin ilteangach a sheoladh;
  - seoladh oifigiúil an fheachtais ar fud an Aontas;
  - comhpháirtíocht an fheachtais ar oscailt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus uile-Eorpacha;
  - Seachtain Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair;
  - comórtas na nGradam Dea-Chleachtais a sheoladh.

### 2027

- **Meán Fómhair:**
  Imeacht um Malartú Dea-Chleachtais do chomhpháirtithe feachtais.
- **Deireadh Fómhair:**
  Seachtain Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair 2027.

*Aimsigh imeachtaí feachtais gar duit:*
***https://healthy-workplaces.osha.europa.eu/en/media-centre/events***


## 4.5. Seachtain Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair

An **43ú seachtain de gach bliain (Deireadh Fómhair)**, tugann an tseachtain sin beocht don fheachtas in ionaid oibre ar fud na hEorpa.

Gníomhaíochtaí a reáchtáil, amhail:

- cainteanna bosca uirlisí, seisiúin oiliúna agus seimineáir ghréasáin;
- comórtais, tráth na gceist agus seastáin feasachta;
- comhfhóraim idir oibrithe agus bainisteoirí.

**Leid:** ***déan teagmháil le do Phointe Teagmhála Náisiúnta chun cabhair a fháil le cainteoirí, ábhair, agus liostaí ar fhéilire an fheachtais.***




- **Deireadh Fómhair:** an tSeachtain Eorpach dheireanach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair de chuid fheachtas 26 - 28.
- **Samhain/Nollaig:** Cruinniú Mullaigh na nIonad Oibre Sláintiúil agus searmanas na nGradam Dea-Chleachtais in Bilbao.

***Nuachtlitir***
*Suibscríobh dár nuachtlitir démhíosúil chun sonraí úra, garspriocanna feachtais, agus scéalta nuachta ó chomhpháirtithe a fháil — i bhfoirm ghonta, inroinnte, agus a chuirtear ar fáil anois i 25 teanga díreach chuig d'ionbhosca gach mí.*



## 4.6. Gradaim Dhea-Chleachtais d'Ionaid Oibre Shláintiúla

Ceiliúradh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige nuálacha maidir le rioscaí síceasóisialta a bhainistiú:

- oscailte do gach cineál eagraíochta i dtíortha an Aontais, an Chomhlachais Eorpaigh Cóirthrádála, agus sna tíortha is iarrthóirí;
- cuir isteach iontrálacha trí do Phointe Teagmhála Náisiúnta;
- cuirtear buaiteoirí náisiúnta chun cinn agus tugtar cuireadh dóibh chuig an gCruinniú Mullaigh um Ionaid Oibre Shláintiúla in Bilbao.

*Seoladh:*
**i mí Dheireadh Fómhair 2026**
*Searmanas bronnta:*
**Deireadh 2028**



## 4.7. Bí i do Chomhpháirtí Feachtais Oifigiúil: dea-shampla a thabhairt

Páirt a ghlacadh i líonra éagsúil d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud na hEorpa mar Chomhphháirtí Feachtais Oifigiúil.

### Cad iad na buntáistí?

- Tá d'eagraíocht le feiceáil ar shuíomh gréasáin an fheachtais.
- Cuirí chuig imeachtaí eisiacha Malartaithe Dea-Chleachtais le haghaidh líonrú agus piarfhoghlama.
- Lógó oifigiúil chomhpháirtí an fheachtais a úsáid.
- D'eagraíocht a bheith luaite inár nuachtlitir agus ar chainéil EU-OSHA.
- Aitheantas mar cheannaire i sábháilteacht agus i sláinte san ionad oibre.
- Níl aon chostas ag baint leis!

### Cad leis a bhfuiltear ag súil?

Gníomhaíocht feachtais amháin ar a laghad a reáchtáil in aghaidh na bliana, amhail:

- seimineár gréasáin a óstáil;
- teachtaireachtaí feachtais a scaipeadh;
- ábhair feachtais a shaincheapadh do d'eagraíocht.

> ***'Anois agus meabhairshláinte san ionad oibre aitheanta mar chroí-shaincheist maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair, is é an prionsabal órga is infheidhme: rioscaí a réamh-mheas chun iad a chosc. Is cúis áthais do IOSH leanúint de thacaíocht a thabhairt do chineálacha cur chuige lena dtugtar tús áite do chosc agus do rialú strusairí coitianta san ionad oibre, rud a chuidíonn le heagraíochtaí timpeallachtaí oibre níos sláintiúla agus níos athléimní a chothú.'***
>
> *Alison van Keulen, Bainisteoir Gnó um Chaidreamh Straitéiseach, Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde (IOSH) – Comhpháirtí Feachtais Oifigiúil*

## 4.8. Comhpháirtíocht meán

Is féidir le hirisleabhair OSH agus earnálacha agus leis an bpreas gnó a bheith páirteach mar chomhpháirtithe meán.

### Sochair

- Preaseisiúintí, grafaicí eolais agus sonraí (ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát) maidir le hábhair reatha OSH sula n-eiseofar go poiblí iad.
- Eagarthóireachtaí réamhdhéanta agus deiseanna eisiacha agallaimh le saineolaithe EU-OSHA.
- Líonrú le Pointí Teagmhála Náisiúnta, le Comhpháirtithe Oifigiúla Feachtais, le Líonra Fiontar na hEorpa, le buaiteoirí na nGradam Dea-chleachtais agus le heagraíochtaí meán piaraí.
- Cuirí chuig imeachtaí EU-OSHA agus seisiúin eolais ar líne, le tacaíocht taistil do thurais phreasa roghnaithe.
- Cur le sofheictheacht, sa chaoi go dtaispeántar do lógó agus do chur síos i rannóg na gcomhpháirtithe meán ar shuíomh gréasáin an fheachtais agus sa chaoi go gcuirtear do chuid nuachta chun cinn trí OSHmail, nuachtlitir an fheachtais agus cainéil shóisialta EU-OSHA.

***'Is éard atá i gceist le bheith i do chomhpháirtí meán ná a bheith níos éifeachtaí agus níos géarchúisí maidir le sábháilteacht a chur chun cinn agus réitigh nithiúla a aimsiú don chosc. Tá an gealltanas seo níos tábhachtaí fós san fheachtas meabhairshláinte, mar creidimid go bhfuil an fholláine san ionad oibre riachtanach do shláinte na n-oibrithe agus na gcuideachtaí, agus chun líon na dtimpistí a laghdú.'***

*Luigi Matteo Meroni, Príomh-Eagarthóir, PuntoSicuro – Comhpháirtí Meán de chuid EU-OSHA (an Iodáil)*

## 4.9. Pacáiste le haghaidh na meán sóisialta: déan do líonra a chumhachtú

**Cuidíonn na meáin shóisialta le teachtaireachtaí scaipeadh go tapa agus dul i bhfeidhm ar dhaoine.**

- Roinn teachtaireachtaí réidh le postáil atá ceaptha chun eolas a thabhairt agus chun rannpháirtíocht a spreagadh, agus iad curtha in oiriúint d'ardáin meán sóisialta éagsúla.
- Íoslódáil agus roinn ár n-ábhar amhairc chun beocht a chur i do theachtaireachtaí.
- Cuir an t-ábhar in oiriúint go héasca chun go n-oirfidh sé do do ghlór agus do do lucht féachana.



- Caith solas ar chúig réimse tosaíochta an fheachtais ar bhealaí a nascann go fírinneach le do phobal.

**Méadaigh an fhuaim: tabhair lá (nó seachtain?) don fheachtas ar do fhotha sóisialta.**

- Cuir d'fhormáid féin ar do phróifíl le hábhar amhairc an fheachtais.
- Bain úsáid as an bpacáiste chun labhairt amach faoi thábhacht na meabhairshláinte in aon ionad oibre.
- Clibeáil do phostálacha le **#EUhealthyworkplaces** chun cur leis an móiminteam.
- Cuir seisiún ceisteanna agus freagraí beo ar siúl le foireann nó le haoi-shaineolaí chun rannpháirtíocht fíor-ama a spreagadh.



© PaeGAG - stock.adobe.com

## Bí i dteagmháil leis an Aontas Eorpach

**Go pearsanta**
Tá na céadta lárionad de chuid Europe Direct ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an lárionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en).

**Ar an bhfón nó i scríbhinn**
Is seirbhís í Europe Direct a fhreagraíonn do cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (féadfaidh oibreoirí áirithe táille a ghearradh ar na glaonna seo);
- ag an uimhir chaighdeánach seo a leanas: +32 22999696;
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_en.

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

**Ar líne**
Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais ar shuíomh gréasáin Europa ag (european-union.europa.eu).

**Foilseacháin de chuid an Aontais**
Is féidir leat féachaint ar fhoilseacháin an Aontais nó iad a ordú ag op.europa.eu/en/publications. Is féidir cóipeanna iomadúla d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil trí teagmháil a dhéanamh le Europe Direct nó le do lárionad doiciméadachta áitiúil (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_en).

**Dlí an Aontais agus doiciméid ghaolmhara**
Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas, lena n-áirítear dlí iomlán an Aontais ó 1951 i leith i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, téigh go EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

**Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh**
Soláthraíonn an tairseach data.europa.eu rochtain ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála agus neamhthráchtála araon. Soláthraíonn an tairseach rochtain freisin ar shaibhreas tacar sonraí ó Bhallstáit an Aontais.

Tá sé mar aidhm ag an n**Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)** timpeallachtaí oibre níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla a chruthú ar fud na hEorpa. Tá EU-OSHA lonnaithe in Bilbao agus faigheann sí tacaíocht ó institiúidí an Aontais agus ó chomhpháirtithe sóisialta. Tá trí ghníomhaíocht straitéiseacha aici: cuireann sí faisnéis ar fáil le haghaidh beartais agus taighde; cruthaíonn sí uirlisí agus acmhainní don chosc; agus féachann sí le feasacht a mhúscailt maidir le cultúr dearfach sábháilteachta agus sláinte ag an obair.

Is é is aidhm don fheachtas **'Le chéile ar son na meabhairshláinte san ionad oibre'** feasacht a mhúscailt maidir le tionchar rioscaí síceasóisialta agus cruthú timpeallachtaí oibre tacúla, cuimsitheacha agus sláintiúla ó thaobh na meabhairshláinte de a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha uile.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig https://healthy-workplaces.osha.europa.eu/.

**Scaip an scéal ar na meáin shóisialta!**
Lean sinn ar ár gcainéil nó roinn do scéal ar na meáin shóisialta, ag úsáid **#EUhealthyworkplaces** nó clibeáil **@EU_OSHA**. Bain úsáid as ár bpacáiste meán sóisialta chun an feachtas a chur chun cinn ar ardáin dhigiteacha.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh